


Aistear AMA 2

STAIR DON DARA BLIAIN



**EDEL NÍ LOINGSIGH
STIOFÁN Ó HIFERNÁIN**

Aistear Amd 2

STAIR DON DARA BLIAIN

**EDEL NÍ LOINGSIGH
STIOFÁN Ó hIFEARNÁIN**



An chéad chló © COGG 2024

ISBN: 978-1-7384089-1-7

Arna fhoilsiú ag COGG

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta,

23 Plás Windsor,

Baile Átha Cliath 2.

Údair: Edel Ní Loingsigh, Stiofán Ó hÍfearnáin

Eagarthóir: Deirdre Ní Chaomhánaigh

Dearthóir: Daire Ó Beaglaoich, Graftrónaic

Bainisteoir tionscadail: Aoife Ní Shéaghdha, COGG

Profléitheoirí: Caitlín Ní Ruanaidh, Aoife Ní Shéaghdha agus Pádraig Ó Beaglaoich, COGG

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála ná a tharchur ar aon mhodh nó slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir nó ceadúnas a cheadaíonn cóipeáil shrianta in Éirinn arna eisiúint ag Gníomhaireacht um Cheadúnú Cóipchirt na hÉireann, 63 Sráid Pádraig, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

I gcás naisc chuig suíomhanna idirlín seachtracha, ní cóir glacadh leis go bhfaomhann COGG an t-ábhar atá iontu.

Buíochas:

Ba mhaith le COGG agus na húdair buíochas a ghabháil leis na dreamanna seo a leanas a thug cead dúinn íomhánna agus ailt a úsáid san acmhainn staire seo:

Irish Workhouse Centre (Ich 34); Eoin Mac Cárthaigh, Ollamh Cúnta, Coláiste na Tríonóide; Lorcan O'Meara, Coláiste na Tríonóide; íomhánna as leabhar le hÁine Ní Chonghaile 'An Cheathrú Rua agus na hOileáin sa Naoú hAois Déag le caoinchead Chló Iar-Chonnacht (Ich 35); Gavin Sheridan 'Kindred Spirits' (Ich 43); An Phríomh-Oifig Staidrimh (Ich 44); Emily Mark-Fitzgerald as grianghraif de 'Reilig an tSléibhe' (Ich 45); Cumann Ríoga Ársaíochta na hÉireann (Ich 61); 'Wicklow Women in the Great War' le Brendan Flynn (Ich 65); le caoinchead ó Mike Concannon agus Comhlacht Forbartha an Spidéil (Ich 69); clann Michael Lynch (Ich 74); 'The War in the West' le Noel Ó Murchú (Ich 84); Atáirgthe le caoinchead Chartlanna UCD (Ich 89); Coiscéim (Ich 92); Sportsfile (Ich 100, CLG do Chorn Mhig Uidhir (102); grianghraf le caoinchead Músaem Chontae Phort Láirge (103); Imagine Media (Ich 106); Dara Ó Cinnéide, Seán T Ó Gairbhí, Tuairisc.ie (Ich 108); Petrova, A. (Aleksandra), 1896-1990 ill., Moskva : OGIZ "Molodaia gvardiia", 1931 le caoinchead University of Chicago Library. Tá an ghrianghraf ina cuid de Bhailiúchán Stairiúil de Leabhair do Pháistí, The Hanna Holborn Gray Special Collections Research Center, The University of Chicago Library (Ich. 124) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Shutterstock; Alamy.

Creidtear go bhfuil an t-eolas san fhoilseachán seo cruinn ag uair a fhoilsithe. É sin ráite, ní féidir leis an bhfoilsitheoir agus/ná na húinéirí cóipchirt freagracht a ghlacadh as botúin nó easnamh, athruithe sna sonraí a tugadh nó as aon chostas nó cailteanas a chúisítear dá bharr.

Cé go ndearnadh gach iarracht cóipcheart a aimsiú agus a aithint, gabhann na foilsitheoirí leithscéal as aon sárú de thaisme ar chóipcheart nárbh fhéidir a aimsiú. Bheidís sásta teacht ar shocrú cuí leis an úinéir ceart i ngach cás dá shórt.

Clár

Nóta ó na húdair	iv	6	Tionchar an Chéad Chogadh Domhanda ar mhuintir na hÉireann	58
Eolas do mhúinteoirí	v		An Chéad Chogadh Domhanda.....	58
1 Réabhlóid Mheiriceá	1		Éireannaigh ag Troid	62
Cúlra: Meiriceá san 18ú haois.....	1		Saol na mBan.....	65
Cúiseanna leis an Réabhlóid	2		An Eacnamaíocht.....	67
Cúrsa na Réabhlóide (1775-1783).....	3		Patrúin athraitheacha sa bhia agus deoch.....	67
Iarmhairtí na Réabhlóide	6		Iarmhairtí an Chogaidh Mhóir ar Éirinn.....	69
An Ghaeilge ag an am	7		An Cogadh Mór a Chomóradh	70
Bileoga oibre.....	8		Bileoga oibre	71
Súil ar Scrúduithe	10			
2 Éirí Amach 1798	12	7	Éire 1916–1923.....	77
Cúiseanna leis an Réabhlóid	13		Cúlra.....	77
I dTreo Réabhlóide	14		An tÉirí Amach féin	79
Cúrsa na Réabhlóide	15		Torthaí an Éirí Amach	80
Iarmhairtí na Réabhlóide	17		An Chéad Dáil	82
Bileoga oibre.....	18		Cogadh na Saoirse.....	83
			An Conradh Angla-Éireannach	85
			Cogadh na gCarad	87
			Bileoga oibre.....	90
3 Dónall Ó Conaill agus an Traidisiún Parlaiminteach.....	21	8	Tionchar Chumann Lúthchleas Gael ar shaol na hÉireann	98
Fuascailt na gCaitliceach.....	22		Tionchar CLG ar fhorbairt an daonlathais....	100
Bliain Aisghairme	23		Tionchar CLG ar spórt na mban.....	100
An Gorta Mór	24		Tionchar CLG ar an nGaeilge	101
Bileoga oibre.....	25		Tionchar CLG ar an gcultúr Gaelach.....	102
			Tionchar CLG ar an Náisiúnachas	102
			Tionchar CLG ar an diaspóra.....	105
4 An Gorta Mór agus Diaspóra na hÉireann	29	9	An Rúis faoi Stalin (Cumannachas) agus an Ghearmáin faoi Hitler (Faisisteachas).....	111
Éire c. 1840	30		An Eoraip c.1900	111
Cúiseanna leis an nGorta Mór	31		An Rúis faoi Stalin.....	114
Príomhimeachtaí Chúrsa an Ghorta Mhóir	32		An Ghearmáin faoi Hitler.....	124
Blianta an Ghorta – an Drochshaol	33			
Cúrsa an Ghorta – Ábhair chonspóideacha....	35			
Torthaí an Ghorta Mhóir.....	37			
Tábhacht an Diaspóra Éireannaigh	38			
Ionaid Oidhreachta	40			
Comóradh ar an nGorta Mór	42			
Bileoga oibre.....	43			
5 John Redmond, an Traidisiún Parlaiminteach agus Géarchéim an Rialtais Dúchais	49			
An Traidisiún Parlaiminteach idir Ó Conaill agus Redmond	49			
Féiniúlachtaí Éagsúla ar Oileán na hÉireann c. 1900	50			
Cérbh é John Redmond?	51			
Géarchéim an Rialtais Dúchais.....	53			
Redmond á mheas	56			

Buíochas

Ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na daoine seo a leanas: Seán Ó Broin, Pádraig Ó Macháin, Pádraig Ó Conchubhair, Seán Ó Finn, Donnchadh Ó Cróinín, Peadar Ó Muircheartaigh agus Dara Ó Cinnéide.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin as a gcuid tacaíochta agus le Tara Ní Shúilleabháin as a cuid chabhrach.

Táim fíorbhuíoch de Dheirdre Ní Chaomhánaigh as a cabhair agus obair leanúnach ar Aistear Ama. Is deacair a shamhlú go mbeadh m'fhís curtha i gcrích gan tacaíocht COGG go speisialta Aoife, Caitlín agus Pádraig. Mo bhuíochas freisin le Stiofán a tháinig ar bord liom i mbliana chun Aistear Ama 2 a dhéanamh – bheadh sé dodhéanta gan d'ionchur. Míle buíochas le Daire ó Grafrónaic a bhfuil bua na healaíne go smior inti. Buíochas ó chroí le m'fhear céile Colin agus le mo chlann as an gcabhair atá tugtha agaibh dom le hAistear Ama 2 go háirithe James, Mom agus Dad.

Gabhaim buíochas le m'iardhaltaí agus mo dhaltaí i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tá grúpaí speisialta agam i Ranganna Barra agus Bríd a chabhraigh liom le gach gné den leabhar seo – tá súil agam go dtaitníonn sé libh!

Edel Ní Loingsigh.

Is iomaí duine a d'fhéadfainn a lua anseo, ach bíonn an baol ann i gcónaí go bhfágfaí duine éigin as an áireamh. Gan amhras táim go mór fé chomaoín ag Edel Ní Loingsigh a d'iarr orm teacht ar bord don leabhar seo, chomh maith le foireann COGG a d'éist go foighneach le mo mhianta maidir le pictiúir agus léarscáileanna.

I measc na ndaoine is gá dom a ainmniú, ní mór mo thuismitheoirí – John Heffernan agus Kathryn Murphy – a chur san áireamh. B'iadsan a ghiúmaráil an páistín beag a chaitheadh (agus a chaitheann fós) an iomarca ama ag plé le reiligí agus fothraigh.

Mo bhuíochas freisin le Caoimhe Curran, James Dempsey agus Cian Flaherty as ucht a bheith ag cur suas le teachtaireachtaí gan stad gan staonadh, gan trácht a dhéanamh freisin ar m'iar-chomhghleacaithe i nGaelcholáiste Phort Láirge agus mo bheirt leathbhádóirí sa roinn staire i gColáiste Chilllain – Nóra Ní Raghallaigh agus Séamus Ó Riain.

Bhí ról lárnach freisin ag scoláirí ó Rang Seiceamair agus Rang Iúir i ndruchtú na gcaibidlí seo, agus tá súil agam go bhfuil rian bhur n-aiseolas le feiceáil go soiléir anseo.

Stiofán Ó hIfeárnáin.

Eolas do Mhúinteoirí/Réamhrá

Leagan Amach

Tabharfar faoi deara go bhfuil **Príomhthoradh Foghlama** luaite ag barr gach caibidle mar aon le Torthaí Foghlama Ábhartha Eile ar mhaithe le cabhrú le múinteoirí agus iad i mbun pleanála. Cinntítear sa tslí seo go ndírítear aird ar thrí shnáithe na sonraíochta: Snáithe 1: Nádúr na Staire, Snáithe 2: Stair na hÉireann agus Snáithe 3: Stair na hEorpa agus an Domhain Mhóir.

Tá gníomhaíochtaí éagsúla i ngach caibidil idir chleachtaí foclóra, bhileoga oibre (ag tús nó ag deireadh na caibidle), cheisteanna, cheisteanna don tsúil siar (ag deireadh caibidle), agus eispéiris foghlama.

Anuas air sin, úsáideadh Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i ndearadh na hacmhainne seo. Roghnaíodh cúlra bánbhuí agus clófhoireann oiriúnach chun freastal ar scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise oideachais orthu.

An tSonraíocht Staire agus Rogha

Tugann an tsonraíocht staire solúbthacht agus roghanna éagsúla do mhúinteoirí agus scoláirí araon. Mar shampla, mar gheall ar an rogha sin is féidir le scoláirí staidéar a dhéanamh ar aon réabhlóid roimh an fichiú aois (TF 3.3 Réabhlóid Mheiriceá atá san acmhainn seo), saol mhuintir na hÉireann i rith aon chogadh domhanda (TF 2.8 an Chéad Chogadh Domhanda atá san acmhainn seo) agus tionchar gluaiseachta ar shaol na hÉireann (TF 2.10 CLG atá san acmhainn seo).

Tá ábhar ar fáil in Aistear Ama agus in Aistear Ama 2 ar an téama Bia agus Deoch do phatrún athraitheach thar thréimhsí difriúla ama (TF 3.14). Roghnaíodh an téama seo ar dhá chúis: mar gheall ar easpa ábhar a bheith ar fáil ar an téama agus mar gheall ar riachtanais teanga ár scoláirí. Tá ár scoláirí ar a suaimhneas leis an bhfoclóir a bhaineann leis an téama seo agus treisítear an foclóir sin in ábhair scoile eile, leithéidí Eacnamaíocht Bhaile. Tá ábhar ar fáil in Aistear Ama agus in Aistear Ama 2 ar theicneolaíochtaí nua i dtréimhsí difriúla ama (TF 3.14).

An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha

Tá an acmhainn seo scríofa agus deartha go speisialta do scoláirí agus múinteoirí atá ag múineadh na Staire trí mheán na Gaeilge. Tá dearadh na hacmhainne bunaithe ar an bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha. Chuige sin, tá cleachtaí foclóra (fiosrú focal), foclóir agus eolas gramadaí mar aon le réimse leathan íomhánna i ngach caibidil, a chabhróidh lenár scoláirí teanga na staire a shealbhú. Ní aistriúchán é Aistear Ama 2. Rinneadh gach iarracht an teanga is oiriúnaí do scoláirí a úsáid ó thús deireadh. Anuas air sin, tá béim ar fhoinsí dílse. Ar deireadh, tugtar aitheantas do na ceantair Ghaeltachta éagsúla tríd an/sa rogha íomhánna, bileoga oibre agus foinsí a úsáideadh tríd an acmhainn seo.

Téarmaíocht

Roghnaíodh téarmaí áirithe thar a chéile a úsáid san acmhainn seo chun cuidiú le scoláirí a gcuid Gaeilge a shaibhriú.

Iarmhairtí/Torthaí: Is é 'torthaí' an focal is traidisiúnta i nGaeilge. Tagann 'iarmhairtí' aníos i sonraíochtaí agus ar pháipéir scrúdaithe. Tá an dá fhocal le feiceáil in áiteanna éagsúla.

An Lámh láidir/Fórsa fisiciúil: Is é an lámh láidir an nath is traidisiúnta agus úsáideadh é tríd síos. Tá 'fórsa fisiciúil' sa tsonraíocht, socraíodh gan é a úsáid ach go hannamh.

Súil siar/Dul siar: Cé go bhfuil 'dul siar' in úsáid go rialta, mothaíodh gur fearr cloí leis an nath Gaelach 'súil siar'.

Sonraíocht Ghaeilge T1

Tá stair na hÉireann fite fuaite le stair na Gaeilge. Níl stair na teanga luaite go sonrath sa tSonraíocht Staire ach tapaíodh an deis beagán eolais a bhaineann le stair na teanga agus stair teangacha eile, áit ar bith a raibh sé ábhartha, a chur san acmhainn seo. Chuige sin, tá ábhar san acmhainn seo ar Logainmneacha, malartú foclóra agus mar sin de. D'fhéadfadh an múinteoir Gaeilge an t-ábhar a úsáid mar acmhainn do Shnáithe 2: Feasacht Teanga agus Chultúrtha. Seo thíos na gnéithe agus torthaí foghlama ábhartha:

- (i) Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga. Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire: gnéithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach (2.8)
- (ii) Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais. Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire: tuiscint a léiriú ar a bhfuil i gceist le bheith ilteangach (2.10), cultúir theangacha neamhfhorleathana a fhiosrú agus comparáid a dhéanamh idir theangacha (2.11)